
# Treoir Cur Chun Feidhme eTwinning

## Inniúlachtaí maidir leis an gCuraclam Bunscoile nua

**Treoraíonn Creatchuraclaim na Bunscoile, a seoladh ar an 9 Márta 2023, bunscoileanna agus scoileanna speisialta maidir le foghlaim, teagasc agus measúnú a fheabhsú. Is uirlis dhigiteach é eTwinning ar féidir é a úsáid chun tabhairt faoi thionscadail thraschuraclaim. Léiríonn an treoir seo conas is féidir eTwinning a úsáid chun na seacht bpríomhinniúlacht a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa churaclam nua.**




### 1. A Bheith i d'Fhoghlaimeoir Digiteach:

Úsáid a bhaint as an ardán eTwinning chun daltaí a mhealladh i gcomhoibriú cianda le scoileanna ar fud na hEorpa, ag feabhsú a gcuid scileanna foghlama digití. Éascaíonn an TwinSpace foghlaim dhigiteach do dhaltaí tríd an úsáid a bhaineann siad as an teicneolaíocht a spreagadh chun a gcuid oibre a rianú agus a chur i láthair.

### 2. A Bheith Folláin:

Cuireann tionscadail eTwinning mothú naisc chun cinn do dhaltaí. Cothaíonn siad spásanna digiteacha muintearais, taiscéalaíocht chultúrtha, agus baineann siad úsáid as uirlisí digiteacha ar bhealach fiúntach. Chomh maith leis sin, tá an rogha ann díriú ar fholláine ó thaobh an churaclaim de trí thionscadal eTwinning folláine a dhéanamh, mar shampla.

### 3. A Bheith i do Chumarsáidí agus Teanga a úsáid:

Cruthaíonn tionscadail eTwinning timpeallacht chabhrach do dhaltaí chun a gcumas teanga a fheabhsú trí chumarsáid a spreagadh i dteangacha éagsúla laistigh dá suíomh ranga áitiúil, agus tríd na hidirghníomhaíochtaí seo le piaraí a leathnú ar fud na hEorpa.

### 4. A Bheith Cruthaitheach

Feidhmíonn eTwinning mar chatalaíoch chun cruthaitheacht na ndaltaí a chothú trí ardán dinimiciúil a thairiscint do thionscadail chomhoibríocha. Trí dhul i dteagmháil le piaraí ó chúlraí éagsúla ar fud na hEorpa, spreagtar na daltaí chun smaoineamh go nuálach agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealaí samhlaíocha.

### 5. A Bheith Matamaiticiúil:

Is féidir tionscadail eTwinning a nascadh le ceachtanna matamaitice, agus spreagann obair thionscadail-bhunaithe daltaí chun coincheapa matamaiticiúla a chur i bhfeidhm i suímh fíor-shaoil, rud a mhéadaíonn an caighdeán tuisceana a shíneann níos faide ná ballaí an tseomra ranga.

### 6. A Bheith i d'Fhoghlaimeoir Gníomhach:

Is féidir tionscadail eTwinning a chur ar aon dul go héasca le prionsabail na foghlama gníomhaí, rud a spreagann na daltaí chun dul ar aghaidh ar a gconlán féin agus ceannaireacht a ghlacadh ar a gceachtanna. Trí thionscadail chomhoibríocha a shíneann trasna teorainneacha, cuirtear ar chumas na ndaltaí ábhair spéise a iniúchadh, agus cur go gníomhach le heispéiris foghlama chomhroinnte.

### 7. A Bheith i do Shaoránach Gníomhach:

Cuireann eTwinning mothú saoránachta Eorpaí chun cinn do na daltaí, rud a thacaíonn le féiniúlacht nasctha a fhorbairt. Éascaíonn tionscadail eTwinning agus rannpháirtíocht le piaraí ar fud na hEorpa nochtadh na ndaltaí do chultúir éagsúla, do shaincheisteanna domhanda, do pheirspictíochtaí idirnáisiúnta agus do chomhspriocanna. Spreagann an nochtadh seo mothú idirnasctachta agus freagrachta comhroinnte, rud a spreagann na daltaí le dul i ngleic go gníomhach le dúshláin shochaíocha níos leithne.

Co-funded by the European Union
eTwinning